Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

Comhairle Contae Fhine Gall

# Plean Bliantúil Soláthair Seirbhíse 2020

Arna Ghlacadh i Nollaig 2019

fingal.ie

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# ÁR MISEAN

**A bheith inár gComhairle atá beoga, oscailte agus eagraithe go maith a léiríonn ceannaireacht agus a ghlacann le héagsúlacht agus deiseanna**

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 4 |
| Tosaíochtaí Eagraíochta | 4 |
| Struchtúr Eagraíochta | 5 |
| Acmhainní Eagraíochta | 5 |
| Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht | 7 |
| | |
| Rannóga Seirbhíse | |
| Pobal | 9 |
| Seirbhísí Forbartha Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta | 11 |
| Comhshaoil agus Athraithe Aeráide | 13 |
| Tithíocht | 15 |
| Seirbhísí Leabharlainne | 17 |
| Seirbhísí Oibríochta | 19 |
| Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh | 21 |
| Seirbhísí Uisce | 23 |
| An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí | 24 |
| | |
| Seirbhísí Tacaíochta | |
| Seirbhísí Ailtireachta | 26 |
| Gnóthaí Corparáideacha & Rialachas | 27 |
| Airgeadas | 29 |
| Acmhainní Daonna | 30 |
| Seirbhísí Faisnéise agus Cumarsáide | 31 |
| Seirbhísí Dlí | 33 |

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

## Réamhrá


Is i gcomhthéacs na físe uileghabhálaí atá sa Phlean Corparáideach 2019 - 2024 a dhéantar Plean Bliantúil Soláthair Seirbhíse Chomhairle Contae Fhine Gall 2020 a chur le chéile agus a ghlacadh ag Comhaltaí na Comhairle Contae.

Leagtar amach sa Phlean Seirbhíse na príomhsheirbhísí a bheartaíonn an tÚdarás Áitiúil a chur ar fáil don phobal sa tréimhse suas go dtí deireadh na bliana 2020. In éineacht leis na príomhsheirbhísí sin, leagtar amach sa Phlean an maoiniú do sheirbhísí, na cuspóirí seirbhíse, na caighdeáin feidhmíochta agus an sceideal maidir leis na seirbhísí seo a sholáthar. Ar an mbealach sin, is féidir le muintir Fhine Gall féachaint ar an bPlean le haghaidh eolas a fháil maidir leis na seirbhísí agus caighdeáin feidhmíochta a d'fhéadfaidís a bheith ag súil leis óna nÚdarás Áitiúil.

## Tosaíochtaí Eagraíochta

Leagtar amach sa Phlean Corparáideach an Misean, na Tosaíochtaí Straitéiseacha agus Cuspóirí Straitéiseacha a bheidh ag Comhairle Contae Fhine Gall le linn na tréimhse oifige 5 bliana den Chomhairle. Leagtar amach sa Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse na príomhchuspóirí agus príomhthosaíochtaí seirbhíse do gach bliain. Téann na cuspóirí seirbhíse sin isteach i bPleananna Oibríochta Foirne ansin, agus ina dhiaidh sin téann siad isteach sna Cuspóirí agus Gníomhartha atá ag ball foirne aonair i bPróiseas an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF).

Leagtar amach sa léaráid thíos **Ordlathas na bPleananna agus Cuspóirí** sa struchtúr pleanála gnó-



Cuireann na Tosaíochtaí agus Cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach creatlach ina gcuirfidh Feidhmeannas na Comhairle seirbhísí ar fáil. Leagtar amach sa Phlean Soláthair Seirbhíse maidir le conas a dhéanfar dul chun cinn maidir leis na tosaíochtaí agus cuspóirí sin le linn 2020.

## Struchtúr Eagraíochta

Tá eagrú na seirbhísí a chuireann Comhairle Contae Fhine Gall ar fáil bunaithe ar roinnt de na príomhrannóga feidhme. Cuirtear na príomhsheirbhísí ar fáil trí na Rannóga seo a leanas a sholáthraíonn seirbhísí go díreach -

- Forbairt Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta
- Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide
- Tithíocht agus Pobal
- Oibríochtaí
- Pleanáil agus Bonneagar Straitéiseach
- An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí.

Tugann rannóga cumasúcháin san eagraíocht tacaíocht do na Rannóga seo. Cé nach bhfuil sé de chúram ar na rannóga sin seirbhísí a sholáthar go díreach, cuireann siad tacaíochtaí riachtanacha ar fáil thar gach Rannóg d'fhonn éascaíocht a dhéanmah ar sholáthar seirbhíse agus cláir oibre. Is iad na Rannóga sin:

- Seirbhísí Ailtireachta
- Gnóthaí Corparáideacha agus Rialachas
- Acmhainní Daonna
- Córais Faisnéise agus Chumarsáide
- Seirbhísí Airgeadais
- Seirbhísí Dlí.

## Acmhainní Eagraíochta

Déantar soláthar le Buiséad 2020 na Comhairle do chaiteachas iomlán €269,970,100 le haghaidh seirbhísí laethúil. Déantar soláthar leis an mBuiséad Bliantúil do sheirbhísí agus leagtar amach é sna príomh-Rannóga Seirbhíse-

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

| Rannóg | Rannóg Seirbhíse | Caiteachas Iomlán € | % den Bhu-iséad | Caiteachas in aghaidh Duine € Bunaithe ar Dhaonáireamh 2016 - daonra iomlán 296,214 |
|---|---|---|---|---|
| A | Tithíocht agus Tógáil | 73,607,700 | 27.27 | 248.50 |
| B | Iompar agus Sábháilteacht ar Bóthar | 28,709,600 | 10.63 | 96.92 |
| C | Soláthar Uisce agus Séarachas | 18,550,600 | 6.87 | 62.63 |
| D | Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha | 24,048,700 | 8.91 | 81.19 |
| E | Cosaint an Chomhshaoil | 47,711,400 | 17.67 | 161.07 |
| F | Fóillíocht agus Áiseanna | 42,249,400 | 16.76 | 152.76 |
| G | Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | 1,088,000 | 0.40 | 3.67 |
| H | Seirbhísí Ilghnéitheacha | 31,004,700 | 11.48 | 104.67 |
| **IOMLÁN** | | **€269,970,100** | **100%** | **€911.40** |

Chuir an Oifig Luachála athluacháil na réadmhaoine tráchtála i bhFine Gall i gcrích in 2019, a bheidh éifeacht aici ó 1 Eanáir 2020. I ndiaidh an phróisis achomhairc, tá beagnach os cionn 44% de luachálacha inrátaithe i bhFine Gall faoi achomharc. Tá riosca airgeadais ann don Chomhairle in 2020 agus na blianta ina dhiaidh sin mar gheall ar an leibhéal achomharc sin. I bhfianaise mhéid agus scála na n-achomharc sin, ba chríonna do Chomhairle Contae Fhine Gall thart ar €25 milliún a chur ar leataobh gach bliain chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí airgeadais na gcaillteanas a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an bpróiseas achomharc.

D'fhonn an riosca suntasach airgeadais sin a mhaolú, tá cúlchiste suntasach sa Bhuiséad in 2020 chun soláthar a dhéanamh do chaillteanas airgeadais a d'fhéadfadh tarlú amach anseo de bharr achomharc a dhéanann íocóirí rátaí a n-éiríonn leo. Is meascán d'acmhainní na Comhairle féin agus meicníocht san Ordú Teorann Rátaí, a bhfuil lamháil ann do mhéid a mhaolódh aon chaillteanas ioncaim ó rátaí amach anseo, a mhaoiníonn an cúlchiste seo.

Is é an fhoinse is mó ioncaim na rátaí tráchtála agus meastar gur fiú thart ar €148.85 milliún iad in 2020. Is é an Ráta Bliantúil ar an Luacháil (RBL) 0.1796. I Meán Fómhair 2019, vótáil na Comhaltaí laghdú 10% a dhéanamh ar Cháin Mhaoine Áitiúil agus is ionann an leithdháileadh do 2020 agus €26.8 milliún, agus úsáidfear €12.9 milliún de sin sa Bhuiséad Ioncaim Reatha. Is ionann an t-ioncam ó fhoinsí éagsúla eile, arna nglacadh ag na Comhaltaí, agus €108.1 milliún. Díríonn an Plean Soláthair Seirbhíse seo ar na príomhsheirbhísí a sholáthraítear ar bhonn laethúil agus atá á maoiniú ag an mBuiséad Ioncaim Reatha.

Is mar seo a leanas na hacmhainní soláthair foirne atá ar fáil don Chomhairle amhail Nollaig 2019 –

| Catagóir Fostaí | Iomlán |
|---|---:|
| Bainisteoirí | 9 |
| Foireann Chléireachais/Riaracháin | 597 |
| Foireann Phroifisiúnta/Theicniúil | 294 |
| Foireann lasmuigh | 608 |
| **Móriomlán** | **1508** |

Leanadh ar aghaidh le gníomhaíocht earcaíocht in 2019 nuair a reáchtáladh 59 comórtas. Bhí deiseanna ann fód dul ar aghaidh laistigh den earnáil nó sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne agus bhí leibhéil shuntasacha athrúcháin foirne ann. Earcaíodh 157 ball foirne nua in 2019 as 2,800 iarratasóir ar phost. Is tosaíocht go fóill é forbairt na foirne agus cuireadh clár forleathan oiliúna i gcrích le linn 2019.

## Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

Leagtar amach sa Phlean Seirbhíse na príomhsheirbhísí a bheartaíonn an tÚdarás Áitiúil a chur ar fáil roimh dheireadh Nollaig 2020 faoi réir na sriantachtaí ar mhaoiniú agus acmhainní.

Déanfaidh an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin monatóireacht ar an bPlean agus déanfar tuairisciú maidir le dul chun cinn sna tuarascálacha míosúla bainistíochta a chuirtear faoi bhráid Chruinnithe na Comhairle.

Déanfar feidhmíocht a thomhas le Tomhais Sonraí Bonnlíne a leagtar amach sa Phlean Corparáideach.

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Rannóga Seirbhíse

# Pobal

Tá an Rannóg Pobail, Cultúir agus Spóirt freagrach as réimsí seirbhísí, lena n-áirítear Forbairt Pobail, Forbairt Spóirt, an Clár Aoisbhá Fhine Gall, Éire Ildánach Fhine Gall agus an Oifig Ealaíon. Cuireann an Oifig Forbartha Pobail tacaíocht ar fáil do 32 áis phobail agus tacaíonn an Oifig Ealaíon leis an dá ionad ealaíon sa Chontae, Draíocht agus Ionad Shéamuis Ennis.

### Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos na Príomhsheirbhísí a sholáthrófar agus an soláthar buiséadach ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall leis i mBuiséad 2020 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Buiséad Príom-hsheir-bhíse | Cur Síos ar Sheirbhís | Iomlán |
|---|---|---:|
| D06 | An Fheidhm Pobail agus Fiontraíochta | 76,000 |
| F04 | Forbairt Pobail, Spóirt agus Áineasa | 5,733,900 |
| F05 | Feidhmiú an Chláir Ealaíon | 2,100,000 |
| **Iomlán** | | **€ 7,909,900** |

## Príomhchuspóirí Seirbhíse

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2020:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Caighdeán na Príomhsheirbhíse |
|---|---|
| Plean Forbartha Ealaíon Fhine Gall 2019-2025 a Chur i bhFeidhm | • Cláir Ealaíon a Sholáthar<br>• An Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí agus an Scéim Deontas Ealaíon a Riaradh<br>• Tacú le Draíocht agus Ionad Ealaíon Shéamuis Ennis |
| An Creatchomhaontú Ocht mBliana leis an gComhairle Ealaíon a Chur i bhFeidhm | Bearta an chreatchomhaontaithe a chomhaontú agus a chur i gcrích |
| Cur i bhfeidhm an Chláir Éire Ildánach i bhFine Gall a chomhordú | • Cruinniú na n-Óg a chur i gcrích<br>• Clár Comórtha Fhine Gall a chur i gcrích<br>• 6 Chruinniú den Fhoireann Cultúir Fhine Gall a reáchtáil in 2020<br>• Maoiniú Éire Ildánach a leithdháileadh |

| Service Delivery Objective (cont'd) | Service Division (cont'd) |
|---|---|
| Forbairt Pobail | Físráiteas Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall 2019 - 2021 a chur i bhfeidhm |
| Tacaíocht forbartha agus bainistíochta a chur ar fáil do choistí áiseanna deonacha de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall | • A chinntiú go bhfuil áiseanna CCFG á stiúradh agus á mbainistiú ag caighdeán ard, go bhfuil feabhas á dhéanamh ar inbhuanaitheacht agus gur féidir leis an bpobal ar fad rochtain a fháil orthu<br>• Leanúint ar aghaidh ag tacú le 33 áis pobail<br>• monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar shruthanna Maoinithe Áiseanna agus próisis KPI |
| Leanúint ar aghaidh cothabháil agus athchóiriú a dhéanamh ar sheanáiseanna | Oibriú ar na suirbhéanna baile ar áiseanna pobail níos sine le tacaíocht ón Rannóg Ailtireachta |
| Tacaíochtaí don chlár gníomhaíochtaí Pobail agus Deonacha | • Na Scéimeanna Tionscadail Samhraidh, Maoiniú Gníomhaíochta a Riaradh<br>• Cláir Oiliúna Pobail a Chur ar Fáil |
| Beartas Imeasctha Imirceach agus Ionchuimsithe Shóisialta Fhine Gall | • Straitéis LRP 2018 - 2021 a chur i bhfeidhm<br>• Leanúint ar aghaidh maoirseacht a dhéanamh ar phlean oibre agus caiteachas LRP<br>• Tacú le hobair an Fhóraim LRP um Imeascadh Imirceach |
| Beartas Imeasctha Imirceach agus Ionchuimsithe Shóisialta Fhine Gall | Tacú leis an mBeartas agus Plean Gníomhaíochta Imeasctha Imirceach agus Ionchuimsithe Shóisialta Fhine Gall a chur i bhfeidhm:<br>- Na 5 Cholún a Bhunú<br>- Páirt a ghlacadh sa Cholún Imeasctha Pobail den phlean athnuachana Ár mBaile Brigín |
| Comhairle na nÓg Fhine Gall | Leanúint de mhaoirseacht a dhéanamh ar sholáthar seachtrach an chlár Comhairle na nÓg Fhine Gall |
| Ionad Sibhialta agus Cultúrtha Shoird | Oibriú leis an gCoiste Stiúrtha chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le gnéithe ealaíon agus cultúir de Cheathrú Cultúir Shoird |
| Leanúint ar aghaidh ag tacú le hobair an Chomhaontais Aoisbhá | • An Straitéis Cúig Bliana 2018 - 2023 a chur i bhfeidhm<br>• Plean Gníomhaíochta Bliantúil 2020 a fhorbairt<br>• Leanúint ag tacú le hobair Chomhairle na nDaoine Scothaosta |
| Físráiteas Spórt Fhine Gall 2019-2021 a chur i bhfeidhm | Réimse clár a bhaineann go sonrach le haois/cumas a fhorbairt agus a sholáthar, cláir a leagann béim ar spriocghrúpaí (spórt scoile/óige; mná i spórt; clár do dhaoine fásta níos sine agus spórt do dhaoine faoi mhíchumas) |

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Forbairt Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta

Cuireann an Rannóg Forbartha Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta (FEFT) fostaíocht áitiúil, feabhsúchán ar tháirgiúlacht agus fás á threorú ag easpórtáil chun cinn. Déantar é sin trí obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le gnólachtaí áitiúla, comhlachais tráchtála, gníomhaireachtaí stáit i leith fiontair agus turasóireachta, grúpaí pobail agus institiúidí ardoideachais. Forbraíonn an Rannóg tionscnaimh bheartais agus cuireann sí i bhfeidhm iad i bpríomhréimsí cosúil le cur chun cinn agus éascaíocht infheistíochta, athnuachan geilleagair áitiúil, forbairt táirgí agus margaíocht turasóireachta, agus tacaíocht fiontair áitiúil.

Ghlac na Comhaltaí Tofa le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall i Nollaig 2015 agus leagtar amach ann an chreatlach uileghabhálach d'obair na Rannóige. Is príomhdhoiciméad beartais eile é an Ráiteas Straitéise Turasóireachta 2017-2022. Tá na straitéisí sin ag teacht go maith leis an bPlean Forbartha Fiontair Áitiúil 2017-2020, plean a chuireann an Oifig Fiontair Áitiúil i gcrích le maoiniú ó Fhiontraíocht Éireann faoi Chomhaontú Seirbhíse le Comhairle Contae Fhine Gall (arna chomhchistiú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa). Tacaíonn an Rannóg le clár oibre leanúnach an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) agus an Coiste Beartais Straitéisigh FEFT, rud a chuireann le forbairt na dtionscnamh beartais agus a dhéanann measúnú ar na tionscnaimh agus iad a chur i bhfeidhm.

Ó thaobh infheistíocht a mhealladh agus a éascú, tá ról gníomhach ag an Rannóg i monatóireacht agus freagairt a dhéanamh ar an éileamh ar thalamh cuí infheistíochta laistigh d'Fhine Gall. Anuas air sin, déanann an Rannóg maoirseacht ar oibriú na dtrí ionad fiontair chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag teacht chun cinn. Chomh maith leis na feidhmeanna sin, tacaíonn an Rannóg le hobair níos leithne na Comhairle trína Rannán Seirbhísí Réadmhaoine.

# Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos an soláthar buiséadach ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall leis i mBuiséad 2020 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Buiséad Príomhsheir-bhíse | Cur Síos ar an tSeirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| D04 | Áiseanna Tionscail agus Tráchtála | 361,900 |
| D05 | Forbairt agus Cur Chun Cinn Turasóireachta | 1,298,800 |
| D06 | An Fheidhm Pobail agus Fiontraíocht | 448,600 |
| D09 | Forbairt agus Dul Chun Cinn Eacnamaíochta | 2,671,500 |
| F01 | Oibríochtaí Áiseanna Fóillíochta | 313,500 |

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

| | | |
|---|---|---:|
| F05 | Feidhmiú an Chláir Ealaíon | 1,664,600 |
| J02 | Seirbhísí Corparáideacha Ginearálta | 1,520,100 |
| D10 | Bainistiú Réadmhaoine | 628,800 |
| D11 | Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe | 5,500 |
| J101 | Bainistiú Réadmhaoine | 407,500 |
| | | **€9,320,800** |

## Príomhchuspóirí Seirbhíse

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2020:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Caighdeán na Príomhsheirbhíse |
|---|---|
| Geilleagar láidir áitiúil a chothú agus gnólachtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn | Tacú le forbairt gheilleagrach inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de sa Chontae Cuspóirí Straitéis Scileanna Fhine Gall a Chur Chun Cinn |
| Réimse tacaíochtaí a chur i dtreo gnólachtaí áitiúla i bhFine Gall | Tacaíochtaí do ghnó áitiúil a chur i gcrích |
| Cláir forbartha pobail agus eacnamaíochta áitiúil a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú, lena n-áirítear SICAP agus LEADER | Cláir a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach |
| Na gníomhartha sa Straitéis um Ráiteas Turasóireachta Fhine Gall 2017 - 2022 a chur i bhfeidhm. Féilte agus imeachtaí inbhuanaithe ar fud an Chontae a chur chun cinn, a chistiú agus a eagrú. Ionaid Réadmhaoine Oidhreachta Fhine Gall a fhorbairt, a fheabhsú agus a chaomhnú. Tacú le gníomhartha a bhaineann le Turasóireacht sa Straitéis Agraibhia Fhine Gall. | Gníomhartha bainte amach/curtha i gcrích Líon na bhFéilte agus Imeachtaí a eagraítear agus a dtacaítear leo Clár Caipitil curtha i gcrích |
| Ceannaireacht chomhoibríoch i measc páirtithe leasmhara sa phobal áitiúil agus forbairt gheilleagrach | Tacú leis an CFPÁ agus Cuspóirí PÁEP a chur i bhfeidhm |
| An Plean Athnuachana Ár mBaile Brigín 2019 - 2025 a chur i bhfeidhm | Cuspóirí Bainte Amach |

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide

Is iad cuspóirí na Rannóige Comhshaoil monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhshaol (Uisce, Dramhaíl, Torann agus Aer) agus reachtaíocht chomhshaoil a fhorfheidhmiú. Chomh maith leis sin, bainistíonn an Rannóg líonta talún dúnta, cuireann sí clár feasachta comhshaoil ar fáil, Scoileanna Glasa san áireamh, cuireann sí ionaid 'fág anseo' ar fáil agus tugann sí faoi agus cuireann sí i bhfeidhm Plean Bainistithe Dramhaíola Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre (ROLT). Comhordaíonn an Rannóg cur i bhfeidhm straitéis na Comhairle maidir leis an athrú aeráide a mhaolú agus leis an oiriúnú don athrú aeráide. Anuas air sin, forfheidhmíonn an Rannóg reachtaíocht bhruscair agus rialaithe madraí agus capall.

Cuireann Plean Bainistithe Dramhaíola Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre (ROLT) 2015-2021 creatlach ar fáil chun bruscar a chosc agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. I measc na dtosaíochtaí náisiúnta do 2020, tabharfar aghaidh ar shuíomhanna a stórálann agus a phróiseálann feithiclí neamhdhleathacha ag deireadh a saoil.

I réimse na cosanta uisce, tá trí réimse tosaíocht i bhFine Gall faoin 2ú sraith den Phlean Bainistíochta Abhantrach: na ceantair a shileann a uisce isteach in Inbhear Bhaile Roiséir, an Seantrabh agus an Tulcha.
Is ar na Critéir Íosta Molta le haghaidh Plean Cigireachtaí Comhshaoil (RMCEI) is mó a leagtar béim maidir le gníomhaíocht forfheidhmithe comhshaoil, agus tá tosaíochtaí agus spriocanna don bhliain 2020 liostaithe ann.

## Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos an soláthar buiséadach ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall leis i mBuiséad 2020 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Buiséad Príom-hsheirbhíse | Cur Síos ar an tSeirbhís | IOMLÁN |
|---|---|---|
| E01 | Oibriú láithreáin líonta talún agus iarchúram | 4,718,000 |
| E02 | Oibriú Áiseanna Aisghabhála agus Athchúrsála | 2,508,000 |
| E05 | Bainistíocht Bruscair | 628,000 |
| E07 | Rialacháin, Monatóireacht agus Forfheidhmiú Dramhaíola | 969,700 |
| E08 | Pleanáil Bainistíochta Dramhaíl | 177,700 |
| G04 | Seirbhís Tréidliachta | 538,100 |
| E03 | Oibriú Áiseanna Dramhaíl chuig Fuinneamh | 865,200 |
| E11 | Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin | |
| E13 | Cáilíocht an Uisce, Aer agus Truailliú ó Thorann | 2,529,400 |
| E15 | An tAthrú Aeráide agus Tuile | 948,200 |
| **IOMLÁN** | | |

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

## Príomhchuspóirí Seirbhíse

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2020:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Caighdeán na Príomhsheirbhíse |
|---|---|
| Plean Bainistithe Dramhaíola Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre 2015-2021 a chur i bhfeidhm | Tabhairt faoi na tosaíochtaí de réir mar a comhaontaíodh le baill eile den réigiún |
| Iarchúram a dhéanamh ar láithreáin líonta talún stairiúla agus dúnta | Comhlíonadh na gCeadúnas GCC i gcás Bhaile Amhlaoibh agus Dhún Sinche. Dul Chun Cinn maidir le Measúnú Riosca ar láithreáin líonta talún stairiúla dá dtugtar tús áite |
| Monatóireacht a Dhéanamh ar Thruailliú Aeir agus ó Thorann | Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an aeir agus na gníomhartha sa Phlean Gníomhaíochta Torainn 2019-2023 a chur i bhfeidhm |
| Rialacháin Dramhaíola a chur i bhfeidhm | Imscrúdú a dhéanamh ar gach gearán comhshaoil agus spriocanna an Phlean RMCEI a shásamh |
| An tseirbhís rialaithe madraí agus capall a oibriú | An tAcht um Rialú Madraí a chur i bhfeidhm<br>An tAcht um Rialú Capall a chur i bhfeidhm |
| An tSeirbhís Maoir Bruscair a oibriú | Na hAchtanna um Thruailliú Bruscair a chur i bhfeidhm |
| Uiscí Dromchla, Talún agus Cósta a Chosaint | An tAcht um Thruailliú Uisce a chur i bhfeidhm, na bearta sa Phlean Bainistíochta Abhantrach a dhéanamh i gcomhar le hOifig Cosanta Uisce na nÚdarás Áitiúil agus spriocanna sa RMCEI a bhaint amach. |
| Clár Feasachta Comhshaoil a chur ar fáil | Clár Feasachta Comhshaoil a chur i bhfeidhm |
| Scéimeanna Cosanta ar Thuilte a chur i bhfeidhm i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí | Scéimeanna cosanta ar thuilte a fhorbairt i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí |
| An Plean Gníomhaíochta um an Athrú Aeráide a chomhordú | Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bplean gníomhaíochta um an athrú aeráide a chur i bhfeidhm agus clár feasachta comhshaoil a chur i bhfeidhm |
| Ionaid ‘Fág Anseo’ le haghaidh buidéil gloine a chur ar fáil | An ráta bailiúcháin gloiní a choimeád ag an leibhéal céanna |

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

## Tithíocht

Cuireann an Rannóg Tithíochta an Plean Gníomhaíochta um Atógáil Éireann i bhfeidhm thar na cúig phríomhcholún den Phlean. Soláthraíonn sí tacaíocht tithíochta sóisialta dóibh siúd nach féidir leo cóiríocht a chur ar fáil dóibh féin as a n-acmhainní féin. Is tacaíocht go fóill don bhliain 2020 é seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine gan dídean, seirbhísí coisc san áireamh.

Chomh maith leis sin, déanann an Rannóg bainistíocht agus cothabháil ar sholáthar tithíochta na Comhairle agus ar athúsáid éifeachtach na dtithe folmha. Cuireann sí seirbhísí ar fáil do thionóntaí na Comhairle, dóibh siúd a dteastaíonn teach uathu agus do shealbhóirí tí príobháideacha trí mheán iasachtaí tithíochta agus deontais oiriúnaithe. Tugann an Rannóg faoina feidhmeanna reachtúla i dtaca le Caighdeáin Chóiríochta Príobháidí ar Cíos sa mhargadh cóiríochta príobháidí ar cíos.

Tá an Rannóg Tithíochta freagrach chomh maith as na gníomhartha a chur i bhfeidhm faoin gClár Cóiríochta do Thaistealaithe 2019 - 2024 ar ghlac an Chomhairle leis in 2019. Tá sé tiomanta chomh maith do réitigh chuí tithíochta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas.

Cé go bhfuil an infheistíocht chaipitiúil le haghaidh tithíocht shóisialta a sholáthar curtha san áireamh le Clár Caipitil na Comhairle, tá páirt le himirt ag an mbuiséad ioncaim reatha ó thaobh tacaíocht a thabhairt do thithíocht shóisialta agus í a sholáthar faoin na colúin den Phlean.

## Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos an soláthar buiséadach ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall leis i mBuiséad 2020 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Buiséad Príomhsheirbhíse | Cur Síos ar an tSeirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| A01 | Cothabháil & Feabhsúchán a Dhéanamh ar Aonaid Tithíochta an ÚÁ | 9,700,400 |
| A02 | Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta | 921,000 |
| A03 | Riarachán Cíosa Tithíochta agus Ceannaigh ag Tionónta | 1,042,800 |
| A04 | Tacaíocht Tithíochta um Fhorbairt Pobail | 1,530,700 |
| A05 | Seirbhís do Dhaoine gan Dídean a Riaradh | 2,856,900 |
| A06 | Tacaíocht don Chlár um Chaipiteal Tithíochta | 7,549,000 |
| A07 | Clár na Scéime um Chóiríocht ar Cíos | 30,987,800 |
| A08 | Iasachtaí Tithíochta | 4,760,000 |
| A09 | Deontais Tithíochta | 3,668,900 |
| A11 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | 1,347,900 |
| A12 | Clár na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta | 303,100 |
| **Iomlán** | | **€64,668,500** |

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

## Príomhchuspóirí Seirbhíse

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2020:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Caighdeán na Príomhsheirbhíse |
|---|---|
| Tithe i gComhairle Contae Fhine Gall a sholáthar i gcomhréir leis an Straitéis Tithíochta agus Atógáil Éireann: An Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine | Spriocanna maidir le Soláthar Tithe bainte amach |
| Seirbhísí do dhaoine gan dídean a sholáthar agus a bhainistiú i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le hEaspa Dídine 2019 - 2021 | Riarachán na Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean ag teacht le chéile le spriocanna an Phlean Ghníomhaíochta maidir le hEaspa Dídine |
| Scéim na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) a Riaradh. | Scéim ÍCT a riaradh i bhFine Gall ar aon dul le spriocanna na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil |
| Bainistíocht agus cothabháil a dhéanamh ar an soláthar tithíochta/tithe folmha | An soláthar tithíochta a bhainistiú i gcomhréir le spriocanna an Chláir Oibriúcháin agus riachtanais bainistíochta eastáit<br><br>Na gníomhartha atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta um Thithe Folmha Fhine Gall 2017-2021 a chur i gcrích |
| An Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2019 - 2024 a chur i bhfeidhm | Gníomhaíocht oibríochta atá leagtha amach sa Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe a dhéanamh i gcomhréir leis na tosaíochtaí den Phlean a glacadh |
| Éascaíocht a dhéanamh ar rochtain ar chóiríocht phríobháideach ardchaighdeáin ar cíos tríd an gclár bliantúil cigireachtaí | Na spriocanna a leag RTPRÁ síos a bhaint amach |
| Go leor réitigh tithíochta cuí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas | Na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas 2016-2021 a bhaint amach<br><br>An Scéim Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas le haghaidh cóiríocht phríobháideach a chur i bhfeidhm |
| Tacú le tithíocht archaighdeáin inacmhainne a bhfuil tionachtaí éagsúla ag baint léi a sholáthar | Riachtanais an Chiste um Láithreáin le Seirbhísí Éascaíocht a dhéanamh ar mhaoiniú tríd an Scéim Iasachta Atógáil Éireann |

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

## Seirbhísí Leabharlainne

Tá an tSeirbhís Leabharlanna freagrach as 10 Leabharlann Brainse, 4 Veain Leabharlainne Taistil, Cartlanna & Staidéar Áitiúil agus seirbhís do dhaoine gafa sa teach.

### Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos an soláthar buiséadach ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall leis i mBuiséad 2020 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Buiséad Príomh-hsheirbhíse | Cur Síos ar Sheirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| F02 | Seirbhís Leabharlainne agus Cartlainne a oibriú | €14,239,400 |
| **Iomlán** | | **€14,239,400** |

### Príomhchuspóirí Seirbhíse

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2020:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Caighdeán na Príomhsheirbhíse |
|---|---|
| An Plean Forbartha Leabharlann 2018-2023 a chur i bhfeidhm | Na gníomhartha sa Phlean Forbartha Leabharlanna sa chéad 5 bliana eile a chur i bhfeidhm |
| Spásanna fáilteacha inrochtana ar ardchaighdeán a chur ar fáil, spásanna a chomhlíonann riachtanais na n-úsáideoirí leabharlainne | Infreastruchtúr leabharlainne a fhorbairt agus a fheabhsú, lena n-áirítear Leabharlann na Sceirí a athchóiriú agus síneadh a chur léi agus pleanáil a dhéanamh le haghaidh Leabharlann Contae nua in Ionad Sibhialta agus Cultúir Shoird |
| A chinntiú go bhfuil dóthain ball foirne ag leabharlanna a bhfuil dea-oiliúint orthu, atá ar an eolas agus a dhíríonn ar chustaiméirí | Cloí leis an bplean saothair foirne atá comhaontaithe, agus oiliúint, deiseanna oideachais agus forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar don fhoireann leabharlainne ag gach leibhéal |
| Riachtanais athraithe na n-úsáideoirí leabharlainne a aithint agus a chomhlíonadh, de réir ár mBeartas Forbartha Bailiúchán | Stoc leabharlainne a bhainistiú agus a fhorbairt ar bhealach éifeachtach trí úsáid a bhaint as Collection HQ, ar córas bainistíochta stoic leictreonach fianaisebhunaithe é |

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Caighdeán na Príomhsheirbhíse |
|---|---|
| Staid na leabharlanna sa phobal a neartú mar phríomhphointe rochtana ar theicneolaíocht faisnéise agus seirbhísí digiteacha | Spásanna do dhéantóirí, don fhoghlaim dhigiteach agus spásanna cruinnithe a fhorbairt i leabharlanna |
| An pobal a spreagadh barr a chumais a bhaint amach agus caidreamh a bhunú le gach duine trí chlár nuálach imeachtaí agus gníomhaíochtaí i leabharlanna | Clár ardchaighdeáin imeachtaí cultúrtha, oideachais, fóillíochta agus faisnéise a chur i gcrích ar fud an líonra leabharlanna, clár a léiríonn na riachtanais éagsúla agus sonracha atá ag ár bpobal, grúpaí agus daoine aonair |
| Leabharlanna i bhFine Gall a chur chun cinn mar spásanna daonlathacha, ionchuimsitheacha agus dinimiciúla, spásanna atá ar fáil do gach duine a chónaíonn agus a oibríonn sa Chontae | Go n-éiríonn le foireann leabharlainne caidreamh a bhunú le príomhpháirtithe leasmhara, ionadaithe tofa, eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta, grúpaí pobail, gnólachtaí, scoileanna agus coláistí san áireamh |
| A chinntiú go bhfuil Leabharlanna Fhine Gall fós le feiceáil sa phobal agus go mbaineann siad leis an bpobal trí mheán comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí | Líonrú a dhéanamh a mbeidh tionscnaimh nua agus lucht sprice nua ann dá bharr |

# Seirbhísí Oibríochta

**Tá an Rannóg Oibríochta freagrach as cothabháil ghinearálta agus feabhsúchán a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:**

- Cothabháil ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla
- Páirceanna réigiúnacha
- Clóis súgartha
- Áiseanna spóirt
- Spásanna oscailte poiblí
- Cuanta
- Tránna
- Leithris phoiblí
- Ionaid adhlactha
- Bainistíocht Flít
- Soilsiú Poiblí

Chomh maith leis sin, tugann sí faoi chothabháil crann, glanadh sráideanna agus bailiú bruscair i ngach limistéar poiblí i bhFine Gall, an dá Áis Athchúrsála a oibriú san áireamh.

Soláthraíonn an Rannóg Oibríochta cur i bhfeidhm na mbeart bainistíochta tráchta agus soláthraíonn sí Rannán Sábháilteachta ar Bhóithre agus seirbhís maoir scoile. Tá sí freagrach chomh maith as bóithre nua a ghlacadh ar láimh, fodhlíthe a dhéanamh agus Seirbhísí Páirceála Carr a oibriú.

Soláthróidh an Rannóg Oibríochta na seirbhísí thuasluaite tríd an gClár Oibreacha 2020 a chur i bhfeidhm, agus, anuas air sin, déileálfaidh sí le dúshláin laethúla oibríochta a chlúdaíonn réimse éagsúil feidhmeanna a dtugann an rannóg seo faoi.

## Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos an soláthar buiséadach ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall leis i mBuiséad 2020 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Buiséad Príomh-hsheirbhíse | Cur Síos ar Sheirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| B03 | Bóthar Réigiúnach - Cothabháil agus Feabhsúchán | 6,215,700 |
| B04 | Bóthar Áitiúil - Cothabháil agus Feabhsúchán | 5,771,100 |
| B05 | Soilsiú Poiblí | 4,694,100 |
| B06 | Feabhsúchán ar Bhainistíocht Tráchta | 2,388,900 |
| B08 | Cur Chun Cinn agus Oideachas maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre | 1,119,000 |
| B09 | Páirceáil Carr | 662,300 |

| | | |
|---|---|---|
| D06 | An Fheidhm Pobail agus Fiontraíochta | 86,300 |
| E02 | Oibriú Áiseanna Aisghabhála agus Athchúrsála | 1,909,700 |
| E06 | Glanadh Sráideanna | 5,102,900 |
| E09 | Cothabháil ar Ionaid Adhlactha | 1,568,400 |
| F01 | Oibríochtaí Áiseanna Fóillíochta | 196,200 |
| F03 | Oibríochtaí Limistéar Áineasa Lasmuigh | 12,779,000 |
| G02 | Oibriú agus Cothabháil Céanna agus Cuanta | 234,700 |
| J02 | Seirbhísí Corparáideacha Ginearálta | 351,500 |
| B11 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | 415,200 |
| C04 | Leithris Phoiblí | 215,200 |
| D10 | Bainistiú Réadmhaoine | 70,500 |
| E10 | Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna | 305,100 |
| H06 | Droichid Meáite | 16,600 |
| | **Iomlán** | **€44,102,400** |

## Príomhchuspóirí Seirbhíse

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2020:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Caighdeán na Príomhsheirbhíse |
|---|---|
| Bainistíocht & Cothabháil Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla, Bainistíocht Tráchta, Sábháilteacht ar Bhóithre | An Clár Bóithre/Oibreacha Tráchta ar glacadh leis a chur i gcrích<br>• Tuile<br>• Sábháilteacht ar Bhóithre<br>• Bainistiú agus Cothabháil a Dhéanamh ar Shoilsiú Sráide<br>• Seirbhísí Páirceála Carr |
| Bainistiú agus Cothabháil a Dhéanamh ar Pháirceanna Réigiúnacha, Spásanna Oscailte, Páirceanna Imeartha & Áiseanna Fóillíochta | Cloí leis an mBeartas Crann agus Straitéis Spásanna Oscailte.<br>An Clár Oibreacha Speisialta a chur i gcrích |
| Bainistiú agus cothabháil ar Chuanta, Bainistíocht Bruscair, Ionaid Adhlactha a Sholáthar, Leithris | A chinntiú go n-úsáidtear Cuanta ar bhealach sábháilte agus go ndéantar cothabháil orthu Cothabháil a Dhéanamh ar Struchtúir na gCuanta Bainistiú & Forbairt a dhéanamh ar ionaid adhlactha atá ann agus ionaid adhlactha nua |
| Tacú le mórimeachtaí tráchtála agus pobail a sholáthar, de réir mar is cuí | Tacú le mórimeachtaí tráchtála agus pobail |

# Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh

Pleanálann an Rannóg Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh agus tacaíonn sí le forbairt inbhuanaithe sa Chontae trí Phlean Forbartha Fhine Gall agus tríd an bpróiseas bainistíochta forbartha. Pleanálann agus soláthraíonn an Rannóg bonneagar straitéiseach chomh maith.

Déanann an Rannóg bainistíocht ar an bhfeidhm iarratais pleanála, an fheidhm forfheidhmithe pleanála agus an fheidhm rialaithe foirgníochta sa Chomhairle. Bainistíonn sí páirceanna agus bonneagar glas an Chontae agus déanann sí obair forbartha ar na feidhmeanna pleanála seirbhísí iompair agus uisce chun bonneagar straitéiseach a sholáthar. Déanann sí teagmháil le heagraíochtaí réigiúnacha agus náisiúnta ar bhonn leanúnach chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an soláthar sin. Tá sí freagrach as na pleananna a ullmhú chun forbairt an Chontae a chumasú sa mheántéarma go dtí an fadtéarma.

Áirítear leis sin Plean Forbartha Fhine Gall, Pleananna Ceantair Áitiúil, Máistirphleananna, tograí straitéiseacha maidir le bóithre agus spásanna oscailte réigiúnacha. Tugann sí faoi chigireachtaí foirgníochta i dtaca le forbairtí nua agus suíomhanna tréigthe. Tá cuspóirí aici a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar rioscaí tuile straitéiseacha agus oidhreacht thógtha an chontae a chosaint. Chomh maith leis sin, déanann sí sonraí a chur le chéile i dtaca le forbairtí sa chontae chun eolas a dhéanamh do bheartais agus cinnteoireacht ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

## Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos an soláthar buiséadach ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall leis i mBuiséad 2020 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Buiséad Príom-hsheirbhíse | Cur Síos ar an tSeirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| D01 | Pleanáil ar Aghaidh | 1,809,900 |
| D02 | Bainistíocht Forbartha | 4,905,400 |
| D03 | Forfheidhmiú | 370,500 |
| D08 | Rialú Foirgníochta | 1,278,600 |
| D11 | Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe | 495,300 |
| E10 | Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna | 240,000 |
| | **Iomlán** | **€9,099,700** |

## Príomhchuspóirí Seirbhíse

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2020:

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

| Service Delivery Objective | Service Performance Standard |
|---|---|
| Bonneagar straitéiseach (fisiciúil & glas) a sholáthar sa Chontae | Clár Caipitil CCFG, tionscadail Glasbhealaí, Tionscadail Páirceanna Fóillíochta |
| Promote & Enforce Building Regulations and Construction Product Regulations | Support and advise the building industry in the promotion of a culture of compliance and enhancing climate action in the County. Manage BCMS, Targeted inspections, Enforcement. |
| A chinntiú go nglactar le bearta cuí i gcás forbairtí nár údaraíodh | Méadú a dhéanamh ar ghníomhaíocht forfheidhmithe pleanála, is é sin líon na litreacha rabhaidh agus fógraí forfheidhmithe a eisítear, líon na gcásanna a chuirtear ar aghaidh chuig an Chúirt. |
| A chinntiú go bhfuil cinntí pleanála trédhearcach agus go nglactar cinntí i gcomhréir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe cheart | Gach cinneadh pleanála a ghlacadh i gcomhréir le riachtanais reachtúla. |
| Bainistiú a Dhéanamh ar an bPróiseas Reachtúil Glacadh ar Láimh | A chinntiú go bhfuil na caighdeáin chuí ó thaobh glacadh ar láimh ag baint le ceantair atá le glacadh ar láimh |
| Plean Forbartha Contae a ullmhú agus athbhreithniú a dhéanamh air - an straitéis agus na cuspóirí maidir le forbairt inbhuanaithe an Chontae a leagadh amach | Athruithe ar an bplean reatha. Plean nua a ullmhú. Pleananna Ceantair Áitiúil, Máistirphleananna agus Staidéir a chur i gcrích chun tithíocht a sholáthar agus cur le forbairt gheilleagrach agus shóisialta an Chontae |
| Córas iompair inbhuanaithe a sholáthar ar mhaithe le gach saoránach | Cur le beartais iompair inbhuanaithe a fhorbairt. Caidreamh a chothú le páirtithe leasmhara eile. Éascaíocht a dhéanamh ar sholáthar MetroLink, BusConnects agus Síneadh an DART. Forbairt inbhuanaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| Bithéagsúlacht a Chur Chun Cinn agus a Chosaint | Na gníomhartha sna doiciméid seo a leanas a chur i bhfeidhm: Plean Gníomhaíochta Fhine Gall um Bhithéagsúlacht, Plean Uile-Éireann um Phailneoirí, "Keeping it Green - Straitéis Spásann Oscailte d'Fhine Gall", "Forest of Fingal - straitéis crann d'Fhine Gall". An Clár Oibreacha um Bhithsféar Bhá Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm |
| Tacú le hAtógáil Éireann | Clár a fhorbairt a thacaíonn le níos mó tithe a bheith ar fáil. Tionscadail an Chiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú a sholáthar (bonneagar criticiúil a sholáthar chun tacú le soláthar tithíochta) |
| Beartas Bainistíochta Cósta a Fhorbairt | Oibriú leis an nGrúpa Idirchaidrimh Cósta chun aghaidh a thabhairt ar bhainistíocht cósta i bhFine Gall, creimeadh cósta agus tuile cósta san áireamh |
| Oidhreacht thógtha agus chultúir a chur chun cinn agus a chosaint sa Chontae | Gníomhartha i bPlean Oidhreachta Fhine Gall 2018 - 2023 a chur i bhfeidhm. Gníomhartha i Straitéis Seandálaíochta Pobail Fhine Gall 2019-2023 a chur i gcrích agus a chur i bhfeidhm. Oibriú thar rannóga chun cur chun cinn comhtháite na hoidhreachta a fhorbairt. Lean ar aghaidh ag tacú le hoidhreacht mar áis d'Fhine Gall |

# Seirbhísí Uisce

In 2020, leanfaidh an Rannóg Seirbhísí Uisce den Chomhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann a chur i bhfeidhm. Mar ghníomhairí Uisce Éireann, is é cuspóir na Rannóige cosaint a thabhairt do sholáthar agus dáileadh an uisce ólacháin is fearr is féidir, chomh maith le córeáil agus diúscairt fuíolluisce a bhainistiú. Beidh gá don Chomhairle bonneagar seirbhísí uisce a fhorbairt atá ag teastáil chun riachtanais mhéadaithe an Chontae a shásamh. Chomh maith leis sin, oibríonn an Chomhairle agus déanann sí cothabháil ar líonra uisce dromchla sa Chontae ionas go bhfuil siad den chaighdeán is airde.

## Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos an soláthar buiséadach ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall leis i mBuiséad 2020 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Buiséad Príomh-hsheirbhíse | Cur Síos ar an tSeirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| C01 | Soláthar Uisce | 10,449,300 |
| C02 | Córeáil Fuíolluisce | 6,238,100 |
| C06 | Tacú leis an gClár Caipitil Uisce | 734,400 |
| C08 | Seirbhísí Sláintíochta agus Uisce an Údaráis Áitiúil | 837,100 |
| | **Iomlán** | **€18,550,600** |

## Príomhchuspóirí Seirbhíse

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2020:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Caighdeán na Príomhsheirbhíse |
|---|---|
| Cothabháil ar an Líonra Uisce Dromchla | Tabhairt faoi oibriúchán agus cothabháil na líonraí uisce dromchla sa Chontae i gcomhar lenár Rannóg Oibríochta |
| Seirbhísí Uisce / Comhaontú Seirbhíse / soláthraí seirbhíse feidhmchlár a chur ar fáil | The provision of water services is in accordance with the 12-year Service Level Agreement, agreed protocols and Annual Service Plan between the Council and Irish Water |
| Oibreacha Caipitiúla a Sholáthar | Seirbhísí uisce a sholáthar i gcomhréir leis an gComhaontú Seirbhíse 12 bhliain, prótacail comhaontaithe agus Plean Seirbhíse Bliantúil idir an Chomhairle agus Uisce Éireann |

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

Tá an tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí freagrach as a chinntiú go ndéantar an torann a ghineann gníomhaíocht aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a mheasúnú i gcomhréir le reachtaíocht an AE agus na hÉireann. Déantar foráil leis an reachtaíocht sin go gcuirtear Cur Chuige Cothrom i bhfeidhm i leith bainistíocht ar thorann aerárthaí má aithnítear fadhb ó thaobh torainn de ag an Aerfort.

Déanfaidh an tÚdarás Inniúil taighde agus ullmhúchán chun deachleachtas idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm mar chuid dá fheidhmeanna reachtúla rialála agus maoirseachta, chun forbairt inbhuanaithe aeriompair a chur chun cinn agus feabhas a dhéanamh ar an timpeallacht torainn thart ar an Aerfort.

## Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Is féidir na costais ar fad a thabhaíonn an tÚdarás Inniúil a aisghabháil go hiomlán ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath. Leagtar amach sa tábla thíos an soláthar buiséadach ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall leis i mBuiséad 2020 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Buiséad Príomhsheirbhíse | Cur Síos ar an tSeirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| E13 | Cáilíocht an Uisce, Aer agus Truailliú ó Thorann | €1,808,000 |
| | | |
| | **Iomlán** | **€1,808,000** |

Ordóidh an tÚdarás Inniúil an tobhach aerfoirt atá le híoc trí mheán rialacháin. Agus é sin á dhéanamh aige, tabharfaidh sé aird ar na costais a tabhaíodh nó atáthar ag súil leis go réasúnta go dtabhóidh siad le linn a fheidhmeanna reachtúla a fheidhmiú. Déanfar aon bharrachas ó ioncam na dtobhach aerfoirt a chúiteamh ar na costais don chéad bhliain eile nó tabharfar ar ais don údarás aerfoirt iad.

## Príomhchuspóirí Seirbhíse

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2020:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Caighdeán na Príomhsheirbhíse |
|---|---|
| A chinntiú go ndéanfar an torann a ghineann gníomhaíocht aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a mheasúnú agus go ndéanfar socruithe chun go gcuirfear an cur chuige cothrom de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i bhfeidhm áit a aithnítear fadhb torainn | Measúnú a dhéanamh ar chúrsaí torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcomhréir le riachtanais reachtúla |
| A chinntiú go ndéantar measúnú ar impleachtaí na n-iarratas pleanála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ó thaobh torann aerárthaí de | Measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath taobh istigh de thréimhsí ama reachtúla |
| Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na mbeart maolaithe torainn agus srianta oibríochta | Comhlíonadh na riachtanas reachtúil |

# Seirbhísí Tacaíochta

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# An Rannóg Seirbhísí Ailtireachta

Tá Rannóg na nAiltirí freagrach as Seirbhísí Ailtireachta a chur ar fáil do Chomhairle Contae Fhine Gall. Áirítear leis sin dearadh ailtireachta, caomhnú, dearadh uirbeach, soláthar foirgníochta, bainistíocht tionscadail, suirbhéireacht chainníochta agus seirbhísí bainistíochta costais. Anuas air sin, cuireann an Rannóg caighdeáin ailtireachta chun cinn agus tugann sí comhairle maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an timpeallacht thógtha.

## Príomhchuspóirí Seirbhíse

Leagtar amach sa tábla thíos na cuspóirí soláthair seirbhíse le haghaidh na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2020:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Cuspóir Soláthair Seirbhíse |
|---|---|
| Seirbhís Ailtireachta phroifisiúnta ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun riachtanais na rannóg cliant agus na dTionscnamh Comhairle a chomhlíonadh. | Clár bliantúil oibre a chomhaontú le Rannóga cliant |
| Tacaíocht a thabhairt maidir le saincheisteanna cosanta oidhreachta tógtha, lena n-áirítear bainistiú a dhéanamh ar an Oifig Caomhnaithe Ailtireachta agus na tacaíochtaí deontas agus Tionscnaimh Comhairle a mheasúnú agus a riaradh. | Oidhreacht thógtha na Comhairle a chosaint |
| Teagmháil a dhéanamh le rannóga ábhartha rialtais maidir le ceaduithe buiséid, chomh maith le scéimeanna agus beartas deontas maidir leis an timpeallacht thógtha mar a bhaineann sé leis an gComhairle a riaradh | Leas Fhine Gall a chosaint trí na scéimeanna deontas a oibriú ar bhealach éifeachtach agus trí ionchur a dhéanamh i gcúrsaí beartais agus ciall a bhaint as cúrsaí beartais |
| A chinntiú go gcomhlíonann tionscadail foirgníochta a choimisiúnaíonn an Chomhairle riachtanais reachtúla maidir le Pleanáil, Sláinte agus Sábháilteacht, Rialú Foirgníochta agus cosaint Chomhshaoil agus Oidhreachta. | Nósanna imeachta cleachtais a uasdátú i gcomhréir leis an reachtaíocht de réir mar a athraíonn sí agus tionscadail a thaifeadadh go cruinn |
| Seirbhísí éifeachtacha cothabhála pleanáilte agus cothabhála timthriallaí a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm le haghaidh an tsoláthair tithe atá ann i bhFine Gall, agus bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar thithe athchóirithe agus tithe nuacheannaithe a ligean ar cíos arís, agus plean gníomhaíochta um an athrú aeráide na Comhairle a chur i bhfeidhm san áireamh. | Péinteáil, cothabháil siúinéireachta agus clár eile cothabhála pleanáilte; seirbhísí cothabhála freagartha; suiteálacha agus cothabháil mheicniúil agus leictreach. Cigireacht a dhéanamh ar thithe folamh, an próiseas tairisceana a thosú agus athchóiriú a dhéanamh orthu go pras. Tionscnaimh gníomhaithe ar son na haeráide a chur i bhfeidhm |
| Buiséid tógála a bhainistiú agus éilimh ó chonraitheoirí i leith íocaíochta a phróiseáil ar bhealach éifeachtach agus cóir | Tionscadail a bhuiséadú ar bhealach cruinn agus proifisiúnta Praghsanna agus éilimh tairisceana a thaifeadadh go cruinn Íocaíochtaí a thaifeadadh agus a phróiseáil taobh istigh de na tréimhsí ama atá leagtha síos |

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Gnóthaí Corparáideacha agus Rialachas

Cuireann Gnóthaí Corparáideacha seirbhísí ar fáil do Chomhaltaí ionas gur féidir leo a ndualgais a chur i gcrích mar ionadaithe tofa ar mhuintir Fhine Gall. Déanfar gach clár oibre agus miontuairiscí na Comhairle a ullmhú agus a scaipeadh, speansais Comhaltaí a íoc, Clár na dToghthóirí a ullmhú agus déileáil le gearáin ó chustaiméirí le linn 2020.

Leanfar ar aghaidh le feabhas a chur ar sheirbhísí don phobal trí Aonad Cúraim do Chustaiméirí na Comhairle le linn 2020, agus déanfaidh an Rannóg Cumarsáide forbairt bhreise ar a ról ó thaobh cumarsáid sheachtrach agus inmheánach. Leanfar ar aghaidh gníomhaíochtaí an Aonaid Bainistíochta Móréigeandála a chomhordú le linn 2020.

Leanfaidh Bainistíocht Saoráidí ar aghaidh oifigí agus leabharlanna na Comhairle a ghlanadh agus a fheabhsú, agus cothabháil a dhéanamh orthu.

Cuireann an tAonad Rialachais Chorparáidigh ar aghaidh tacaíocht a thabhairt don Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin agus Rannóga Comhairle eile. Chomh maith leis sin, pléann an tAonad le Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí, Comhlíonadh Soláthair, Iniúchadh Inmheánach, agus tacaíonn sé le hobair na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin chun cuspóirí Rialachais Chorparáidigh a bhaint amach.

## Príomhchuspóirí Seirbhíse

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2020:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Caighdeán na Príomhsheirbhíse |
|---|---|
| A chinntiú go gcuirtear próisis dhaonlathacha laistigh den Chomhairle i gcrích go héifeachtach agus go bhfuil na próisis sin trédhearcach. | Cuirtear seirbhísí ar fáil do chruinnithe Comhairle agus Coiste agus go gcloítear le riachtanais reachtúla |
| A chinntiú go gcuirtear seirbhís mhaith do chustaiméirí ar fáil ar fud na heagraíochta | Déileáil le gach teagmháil ó chustaiméirí ag an gcaighdeán riachtanach agus cothabháil a dhéanamh ar réadmhaoin na comhairle ag an gcaighdeán riachtanach |
| Cloí leis an gCairt Custaiméirí agus seirbhís mhaith do chustaiméirí a chur ar fáil | Próiseáil a dhéanamh ar ghearáin laistigh de na tréimhsí ama riachtanacha |
| A chinntiú go bhfuil cumarsáid inmheánach agus sheachtrach éifeachtach agus go gcuirtear gníomhaíochtaí na Comhairle chun cinn ar bhealach éifeachtach | Straitéis cumarsáide a chur i bhfeidhm |

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Caighdeán na Príomhsheirbhíse |
|---|---|
| Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn trí Scéim na Gaeilge a chur i bhfeidhm | Plean Forfheidhmithe Scéim na Gaeilge a chur i gcrích agus feabhas a chur ar inrochtana na seirbhísí trí mheán na Gaeilge |
| A chinntiú go gcuirtear feabhas ar gach Foirgneamh Corparáideach, go ndéantar cothabháil orthu agus go gcosnaítear iad ag an gcaighdeán is airde is féidir | Tabhairt faoi gach uasghrádú agus riachtanas cothabhála taobh istigh den tréimhse ama, buiséad agus riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta a comhaontaíodh |
| Deachleachtas i rialachas corparáideach a chur chun cinn | Tacaíocht iomlán a chur ar fáil don Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin |
| Deachleachtas agus luach ar airgead i soláthar a bhaint amach | Go mbeidh an Chomhairle ag comhlíonadh riachtanais Soláthair Phoiblí |
| A chinntiú go gcosnaítear sonraí agus eolas atá i seilbh na Comhairle agus gur féidir rochtain a fháil orthu | Gach iarraidh a phróiseáil taobh istigh de na tréimhsí ama riachtanacha |
| Rialachas maith a chur chun cinn trí fheidhmeanna éifeachtacha iniúchta inmheánaigh | Ráthaíocht a chur ar fáil don Chomhairle, Bainistíocht agus an Coiste Iniúchta tríd an bPlean Bliantúil Iniúchta Inmheánaigh a sholáthar |
| Bainistíocht Móréigeandála a chur ar fáil | Imeachtaí oiliúna a shocrú, cothabháil a dhéanamh ar threalamh, oiliúint a chur ar shaorálaithe, cigireacht a dhéanamh ar áiseanna agus ionadaíocht leanúnach a dhéanamh ag gach grúpa oibre réigiúnach/foghrúpa le linn na bliana |

# An Rannóg Airgeadais

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as maoiniú gearrthéarma agus fadtéarma a chur ar fáil d'oibríochtaí na Comhairle, den chineál Ioncaim Reatha agus Caipitil araon. Is é atá i gceist leis sin monatóireacht a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas i ngach réimse agus iad a rialú, riachtanais iasachtaíochta agus léasaithe a shocrú agus maoiniú a infheistiú. Déanann sí cinnte freisin go gcloítear le prionsabail reachtúla agus cuntasaíochta airgeadais a bhaineann leis an airgead ar fad a íocann an Chomhairle nó a íoctar leis an gComhairle.

Tá Rannán Árachais na Rannóige freagrach as bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar éilimh dhliteanais agus beartais árachais, agus tá sé mar aidhm aici an riosca go mbeidh caillteanais airgeadais ann mar gheall ar chaillteanais inárachaithe agus éilimh dhliteanais a íoslaghdú.

Tá an Rannóg roinnte ina limistéir ar leith, is iad sin:

1. Bailiú Ioncaim (Rátaí/PEL/NPPR)
2. Caiteachas (Cuntais Iníoctha/Párolla)
3. Bainistíocht agus Rialú Airgeadais, Bainistíocht Chaipitil & Sócmhainní, tacaíocht Agresso MS4
4. Árachas

## Príomhchuspóirí Seirbhíse

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2020:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Caighdeán na Príomhsheirbhíse |
|---|---|
| Bainistiú Fiachais Gníomhach (Rátaí/PEL/NPPR) | Leanúnach / % bailithe |
| Bainistiú ar Chuntais Iníoctha, Párolla agus Eis-sreafaí Airgid Bhainistíocht an Chisteáin | A chinntiú go bhfuil gach eisíocaíocht bailí. |
| Bainistiú Éifeachtach ar Éilimh Dliteanais agus Beartais Árachais | Athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh agus sceidil réadmhaoine gach bliain |
| A chinntiú go ndéantar athbhreithniú agus monatóireacht ar Bhuiséid | Athbhreithnithe Ráithiúla Buiséid/Buiséad a bheith ar sprioc ag deireadh na bliana |
| Clár Caipitil 3 Bliana a Chur le Chéile | Chuig Comhaltaí roimh 31 Nollaig |
| Buiséad Bliantúil a Chur le Chéile | Roimh Dháta Reachtúil |
| Ráiteas Bliantúil Airgeadais a Chur le Chéile | An Ráiteas Bliantúil Airgeadais a Fhoilsiú roimh 1 Iúil |

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Acmhainní Daonna

I measc phríomhghníomhaíochtaí na Rannóige Acmhainní Daonna, tá earcaíocht, oiliúint agus forbairt foirne, leas foirne, caidreamh tionsclaíoch, sláinte agus sábháilteacht, agus aoisliúntas. Le linn 2020, leanfaidh an Rannóg d'oiliúint agus forbairt foirne, freastal maith agus timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chur chun cinn. Bainfear úsáid as feachtais spriocdhírithe earcaíochta chun folúntais riachtanacha a líonadh.

## Príomhchuspóirí Seirbhíse

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2020:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Caighdeán na Príomhsheirbhíse |
|---|---|
| Cultúr éifeachtach ó thaobh bainistíochta feidhmíochta agus forbartha de a chothú agus a leabú san eagraíocht | An córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta a chur i bhfeidhm mar ghnáthphróiseas gnó atá faoi stiúir creatlacha inniúlachtaí Cláir ghníomhacha folláine agus idirchaidrimh do bhaill foirne |
| Clár a chur i bhfeidhm a chuireann folláine, comhionannas agus éagsúlacht chun cinn san ionad oibre | Clár Folláine, Comhionannais agus Éagsúlachta do Bhaill Foirne a chur i bhfeidhm |
| Inrochtana agus scileanna acmhainní daonna na Comhairle a bharrfheabhsú | • Foireann a earcú go tráthúil<br>• Forbairt inniúlachtaí a chur i bhfeidhm do gach ball foirne<br>• Bainistíocht freastail réamhghníomhach |
| Timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chur chun cinn | Laghdú ar líon na nDrochthimpistí san Ionad Oibre. 300 cigireacht/iniúchadh ar a laghad in aghaidh na bliana |

# Seirbhísí Faisnéise agus Cumarsáide

Tá Rannóg na Teicneolaíochta Faisnéise (TF) freagrach as úsáid straitéiseach na dteicneolaíochtaí faisnéise i gComhairle Contae Fhine Gall chun tacú le limistéir ghnó a gcuspóirí a chur i gcrích trí úsáid a bhaint as bearta éifeachtúlachta agus éifeachtúlacht níos fearr.
Soláthar seirbhísí do shaoránaigh, baill foirne agus comhaltaí tofa a chumasú trí úsáid a bhaint as cainéil éagsúla cosúil le deasca fáiltithe, gléasanna móibíleacha, an tIdirlíon agus teicneolaíochtaí cosúil le seirbhísí GIS agus gréasáin a úsáid. Cumasaíonn na teicneolaíochtaí digiteacha sin athrú ó bhonn ar sholáthar na seirbhísí de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall.

## Príomhchuspóirí Seirbhíse

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2020:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Caighdeán na Príomhsheirbhíse |
|---|---|
| Réitigh nuálacha a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as an nGréasán, GIS, Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí, Anailísíocht Sonraí, BPI, Sonraí Oscailte agus Bainistíocht Eolais | Cuireann na réitigh nuálacha Luach Chorparáideach, Luach do Shaoránaigh agus Luach do Chomhaltaí Tofa ar fáil |
| Deachleachtas i rialachas TF a chur i bhfeidhm | Baintear amach deachleachtas i soláthar TF, cosaint sonraí agus rialachas TF |
| An bonneagar riachtanach le haghaidh córais agus seirbhísí TF a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú | An bonneagar riachtanach le haghaidh córais agus seirbhísí TF a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú |
| Seirbhís tacaíochta éifeachtach a chur ar fáil dár mBaill Foirne agus Comhairleoirí agus daoine den phobal | Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do thart ar 1500 Ball Foirne, 40 Comhairleoir, ionadaithe poiblí eile agus daoine den phobal |
| Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do phobail agus gnólachtaí chun na tairbhí iomlána a bhaint as sochaí atá cumasaithe go digiteach | Tacóidh spriocanna na Straitéise Digití le claochlú digiteach Fhine Gall agus feabhsóidh siad an bealach a n-oibrímid agus a ndéanaimid gnó i bhFine Gall |
| Córais shlána TF a anailísiú, a dhearadh agus a úsáid chun tacú le próisis ghnó | Iarrataí a anailísiú agus córais TF faofa a sholáthar go héifeachtach |

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Caighdeán na Príomhsheirbhíse |
|---|---|
| Úsáid a bhaint as Ailtireacht Fiontair chun a chinntiú go mbaineann Straitéis Chorparáideach na Comhairle úsáid as ailtireacht córas teicneolaíochta cheart chun a haidhmeanna a bhaint amach | TOGAF 9.2 |
| An méid a mbeifear ag súil leis i saol atá níos digitithe a shásamh agus feabhas a chur ar eispéireas na ndaoine sin a dhéanann teagmháil le Comhairle Contae Fhine Gall | Ionad Oibre Digiteach a sholáthar a chuirfidh feabhas ar rannpháirtíocht ghníomhach na foirne agus a chuirfidh ar ár gcumas feabhas leanúnach a chur ar an mbealach a n-oibrímid |
| Bainistiú a dhéanamh ar Chlár TF Chomhairle Contae Fhine Gall, Saolré Tionscadal agus Acmhainní lena mbaineann | Próiseas rialachais portfóilió agus próisis modheolaíochta tionscadal a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a bheidh mar struchtúr chun tionscadail TF a bhainistiú agus a chur in ord tosaíochta |
| Fís, straitéis agus clár fiontair a bhunú agus a choimeád chun a chinntiú go gcosnaítear sócmhainní agus teicneolaíochtaí eolais a dhóthain | Sócmhainní agus teicneolaíochtaí eolais a chosaint a dhóthain |

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Seirbhísí Dlí

CuireannanRannógdlíseirbhísinmheánachdlíarfáildonPhríomhfheidhmeannach agus gach Rannóg na Comhairle i dtaca le feidhmeanna reachtúla na Comhairle. Is iad na príomhsheirbhísí ná tíolacadh agus bainistiú réadmhaoine, dlíthíocht, forfheidhmiú cód, aisghabháil fiachas agus comhairle dlí. Tá oiliúint leanúnach á cur ar fáil go fóill do bhaill foirne i réimse na forbartha gairmiúla, an eolais dlí agus na teicneolaíochta faisnéise.

## Príomhchuspóirí Seirbhíse

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2020:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Caighdeán na Príomhsheirbhíse |
|---|---|
| Seirbhísí dlí a chur ar fáil don Phríomhfheidhmeannach agus gach Rannóg na Comhairle | Comhairle agus seirbhísí dlí ar ardchaighdeán a chur ar fáil |

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

## Notes

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

## Notes

**Comhairle Contae**
**Fhine Gall**
Fingal County
Council